




Uimhir 15
23 Bealtaine 2014
Teagmháil: 086 8476862

# Goitse

Saor in aisce sna trí paróistí

NA ROSA • GAOTH DOBHAIR • CLOICH CHEANNFHAOLA
goitse.org

# Cá háit a rachaidh do vóta?



Tiarnán Mac Ruairí ag an Seó Faisin in Áislann Rann na Feirste. Scéal agus tuilleadh pictiúirí ar lch 7

Beidh cuid agaibh atá ag léamh seo ag smaoineamh ar vótáil, nó beidh sibh i ndiaidh bhur vóta a chaitheamh sa dá thoghchán atá ann inniu, Dé hAoine.

I mbliana, tá sé iontach deacair a mheas cé a gheobhaidh na suíocháin ar an Chomhairle do thoghcheantar na nGleanntach ar cúpla fáth.

Tá fearg ar dhaoine leis an rialtas. Tchítear do dhaoine nach bhfuair an taobh seo tíre cuid ar bith den fhás eacnamaíoch atá le feiceáil in áiteacha eile sa tír agus tá an imirce agus bochtanas ag éirí níos measa in aghaidh na ráithe.

Mar sin de, beidh sé doiligh ag páirtithe an rialtais talamh ar bith a dhéanamh agus tógáil ar na torthaí a fuair siad san olltoghchán trí bliana ó shin. Má tá sin fíor don chuid eile den tír tá sé chóir a bheith cinnte anseo. Mar níor ghnóthaigh Fine Gael nó Páirtí an Lucht Oibre mórán sa toghcheantar seo i 2011.

Is cosúil, mar sin, nach bhfaighidh Fine Gael dhá shuíochán as an seisear atá ar fáil. Agus, dá mbeifeá le rogha a dhéanamh idir an dá iomaitheoir atá ag an pháirtí sa toghchán, chaithfeá gabháil le Terence Slowey, ó tharla go bhfuil an taithí aige agus go bhfuil sé lonnaithe i ndeisceart an toghcheantair agus tá iomaitheoirí iontach láidir ó thuaidh.

Nuair a amharcann tú ar an phobalbhreith is déanaí, ta sé soiléir go bhfuil Fianna Fáil ar a mbealach ar ais i ndiaidh an gríosadh a tugadh daofa san olltoghchán trí bliana ó shin agus tá iomaitheoirí láidre acu ó thuaidh agus ó dheas sa cheantar seo. Ní thiocfadh leat gan Séamus Ó Domhnaill agus Enda Bonner a fheiceáil ag fáil na suíochán ar ais ar an Chomhairle don pháirtí.

De réir an phobalbhreith chéanna, tá Sinn Féin ag déanamh go maith ar bhonn náisiúnta de thairbhe míshástacht daoine leis an rialtas agus tá siad ag fáil tacaíochta ó dhaoine anois ar ghnách leo tacaíocht a thabhairt do Pháirtí an Lucht Oibre. Cé go raibh siadsan lag sa cheantar seo, thiocfadh le Marie Therese Gallagher agus John Shéamuis Ó Fearraigh go leor vótaí a fháil eatarthu leis an dá shuíochán a thabhairt leo.

Má bhí buaiteoirí ar bith sna pobalbhreitheanna le tamall anuas, is iad na hiomaitheoirí neamhspleácha atá ag déanamh an talaimh uilig. Anseo, áfach, níl ach beirt san iomaíocht don tsuíochán deireanach más fíor don anailís thuas. Is é Mícheál Cholm Mac Giolla Easbuig is luaithe a thoisigh amach ar an fheachtas toghchánaíochta seo agus tá tacaíocht láidir tógtha aige thar na blianta fríd na feachtaisí éagsúla pobail a raibh baint aige leo. Beidh sé san iomaíocht don tsuíochán deireanach sin le Pádraig Ó Dochartaigh agus Séamus Mac Ruairí (Lucht Oibre). Más féidir le Mac Giolla Easbuig fanacht san iomaíocht fada go leor le faoilleach Mhic Ruairí a thógáil, thiocfadh leis geit a bhaint as an Dochartach.

**An Eoraip:** Má tá rudaí casta anseo, tá siad míle uair níos casta sa toghchán do Pharlaimint na hEorpa ó athraíodh na teorannacha agus an méid teachta a thoghtar. Tá ceathrar ag teacht amach as toghcheantar s'againne agus tá iomaitheoirí láidire ina measc. De réir na bpobalbhreitheanna, is féidir linn a bheith réasúnta cinnte go bhfuil suíochán ag Sinn Féin agus ag Fianna Fáil. Mar sin de, is cosúil go mbeidh Pat the Cope ar ais san Eoraip agus go mbeidh Matt Carthy leis. Ach níl sé furasta an bheirt eile a roghnú. Is dóiche gur féidir linn Lucht Oibre a chur amach as an áireamh mar tá an chuma air gur thit an tóin as an tacaíocht traidisiúnta a bhí acu ó chuaigh siad isteach sa chomhrialtas. Tá na hiomaitheoirí neamhspleácha ag déanamh go maith ó thaobh na bpobalbhreitheanna de agus tá Luke Ming Flanagan, Marian Harkin agus Rónán Mullen iontach láidir. Tá iomaitheoirí láidire fosta ag Fine Gael le Mairead McGuinness agus Jim Higgins. Seans go mbeadh buntáiste Fine Gael de thairbhe vótaí a aistreofar ón duine nach n-éiríonn leis fáil fríd go dtí an babhta comhairimh deireanach. Tá seans maith ann go mbeadh ionadaí as Fine Gael agus iomaitheoir Neamhspleách amháin ag dul chun na hEorpa leis an bheirt luaite thuas.

# Goitse go Gaoth Dobhair!

Nuair a tháinig grúpa le chéile i mí na Nollag anuraidh le pleananna a dhéanamh scaifte as an cheantar seo a chur suas chuig "Lá Mór na Gaeilge" i mBaile Átha Cliath, is beag duine a shíl go mbeadh siad ag teacht le chéile go fóill i mí Bealtaine agus iad ag eagrú deireadh seachtaine dá gcuid féin anseo i nGaoth Dobhair. D'fhan an grúpa le chéile i ndiaidh an turais go dtí an phríomhchathair agus d'eagraigh siad bus lán daoine le gabháil chuig An Lá Dearg i mBéal Feirste i mí Aibreáin.

Tá an grúpa ag bualadh tiúin eile ar an aimsir seo, áfach. Má bhí siad "Dearg le Fearg" roimhe seo, tá siad i mbun tionscnaimh níos dearfaí anois agus sin "Goitse go Gaoth Dobhair."

De réir urlabhraí don ghrúpa, bhí siad ag caint ar rudaí a thiocfadh leo déanamh i ndiaidh do Largo Foods fógairt go raibh




siad leis an mhonarcha ar an Screabán a dhruid agus moladh rud a chur os comhair an phobail a thiocfadh leo a dhéanamh daofa féin le spiorad an cheantair a thógáil.

Ansin, tháinig ball den ghrúpa, Sara Ní Chuireáin, aníos leis an smaoineamh go dtiocfadh leis an ghrúpa scaifte a tharraingt chun an cheantair ar bhuiséad íseal. Dá mba rud é gur chuir gach duine i bparóiste Ghaoth Dobhair cuireadh ar bheirt chara teacht ar cuairt ar feadh dheireadh seachtaine amháin, bhéarfadh sé moll mór airgid isteach sa cheantar.

Ag an am, dúirt Sara nach raibh sí ag caint ar postanna a chruthú ach, b'fhéidir, le postanna a shábháil.

D'fhás an tionscnamh ó shin agus tá réimse leathan imeachtaí beartaithe ag an ghrúpa don deireadh seachtaine a bheas ag tarlú idir 27-29 Meitheamh.

Ar ndóigh, ní thiocfadh le tionscnamh mar seo talamh ar bith a dhéanamh gan tacaíocht ó lucht gnó an cheantair agus tá sin le feiceáil cheana féin. Tá Siopa Mhicí ar na Doirí Beaga agus Cógaslann an Bhun Bhig ag tairiscint lacáistí don deireadh seachtaine, tá Lá Teaghlaigh beartaithe ag Ionad Naomh Pádraig, Dobhair agus tá tithe tábhairne ar nós Teach Hiúdaí Bhig, Teach Sheáin Óig agus Teach Mhicí deimhnithe le siamsaíocht a chur ar fáil do na cuairteoirí.

Idir seo agus an 27 Meithimh, beidh níos mó sonraí ar fáil de na himeachtaí atá beartaithe sa cheantar ach is féidir bheith cinnte go mbeidh ráchairt ar an siompóisiam a bheas á reáchtáil in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an Screabán ar an téama "Caidé mar is féidir an Ghaeltacht a shábháil?". Go dtí seo, tá ceithre cheardlann eagraithe; tógáil clainne le Gaeilge sa Ghaeltacht, fostaíocht, pleanáil teangan agus oideachas.

Dúirt an grúpa go raibh Conchúr Ó Giollagáin agus Seosamh Mac Donncha, údair an Staidéir Chuimsithigh Teangeolaíochta ar an Ghaeltacht agus Sorcha Ní Chéilleachair as Tuismitheoirí na Gaeltachta deimhnithe le stiúir a dhéanamh ar cheardlanna.

Má éiríonn leis an ghrúpa scaifte a tharraingt go Gaoth Dobhair don deireadh seachtaine seo, tá sé suntasach go ndéanfaidh siad é gan pingin urraíochta ó eagraíocht stáit agus sin cuid den teachtaireacht atá acu – gur féidir leis an phobal rudaí a bhaint amach dá stuaim féin.

OÉ Gaillimh
NUI Galway

*Cuir le do chuid deiseanna fostaíochta le cáilíocht tríú leibhéal!*



## Cúrsa Lánaimseartha

**Dioplóma i Scileanna Teilifíse & Ilmheán:**
- Cúrsa praiticiúil
- Trealamh nua-aimseartha
- Deiseanna maithe fostaíochta: TG4, RTÉ, BBC, Telegael, Eo Teilifís srl.

## Cúrsaí Páirtaimseartha
**(Oíche amháin sa tseachtain)**

**Dioplóma sa Ghaeilge** (C1):
- Cuir snas ar do chuid Gaeilge
- Comhrá, Léitheoireacht agus Scríobh
- Léargas ar shaíocht na Gaeilge

**Dioplóma i Scileanna Aistriúcháin:**
- Béim ar scríobh na Gaeilge
- Cruinneas gramadaí
- Canúint vs Caighdeán
- Deiseanna maithe féinfhostaíochta

**Dioplóma i dTeicneolaíochtaí Gnó:**
- Cúrsa praiticiúil
- Ríomhchláir
- Bogearraí
- Ríomhthráchtáil

**Dioplóma i Léann an Traidisiúin:**
- Léargas ar oidhreacht agus ar chultúr na hÉireann
- Léargas ar acmhainní agus ar shaothair a bhaineann leis an traidisiún
- Bunscileanna bailithe agus eagair

**Tuilleadh eolais ó:** Ionad an Acadaimh, Doirí Beaga, Co Dhún na nGall.
**Guthán:** (074) 9531919
**Ríomhphost:** gaothdobhair@oegaillimh.ie
**Idirlíon:** www.acadamh.ie

**www.oegaillimh.ie**



# Vótaí agus Daonlathas

Tá an t-eagrán seo den pháipéar ag teacht amach ar lá na dtoghchán ar tír mór agus, mar sin de, beidh go leor cainte sna meáin faoin méid daoine a tháinig amach le vóta a chaitheamh agus faoi cé a bhainfidh suíochán ar Chomhairlí Contae ar fud na tíre agus i bParlaimint na hEorpa.

Beidh saineolaithe staitisticí agus eolaithe polaitíochta ar an raidió agus ar an teilifís ó dhubh go dubh ag caint ar na "patrúin vótála" agus ar "dhílseacht na vótóirí."

Ach tá rogha le déanamh againn uilig inniu agus is fiú machnamh a dhéanamh ar an dóigh a chaithfidh tú do vóta. An rud é go dtabharfaidh tú uimhir 1 do pháirtí áirithe cionn is gur sin an rud a rinne d'athair nó do mháthair? An bhfuil tábhacht leis an dílseacht sin sa lá atá inniu ann?

Bímis ionraic faoin cheist seo.

Tharla an comórtas idir an dá pháirtí mór sa tír seo de thairbhe an Chogaidh Chathartha agus tá sin thart le beagnach céad bliain anois.. Is beag an difir atá idir polasaithe na bpáirtithe anois ar cheisteanna móra an lae inniu.

Seasann an bheirt acu ar an eite dheis den speictream polaitiúil agus ní bheadh duine ar bith ag súil leo athruithe móra sóisialta a chur i bhfeidhm dá bhfaigheadh siad isteach mar rialtas na tíre.

## Eagarfhocal

"Caithfidh daoine seasamh ar a mbonnaí féin agus beart a dhéanamh daofa féin."

Fáiltíonn Goitse roimh litreacha ónár léitheoirí. Is féidir litir atá le foilsiú a sheoladh chuig **litir@goitse.org.** Seol comhfhreagras ar bith eile chuig **eolas@goitse.org** nó déan teagmháil ag **086 8476862**

Ach ní don rialtas a bheas na toghcháin inniu. Tá muid ag vótáil don Chomhairle Contae agus do Pharlaimint na hEorpa.

Is beag atá i gcoitinne, dar leat, idir an dá institiúid. Tá ceann amháin ag plé le rudaí beag áitiúla ar nós bóithre agus bíonn an ceann eile ag déileáil le ceisteanna móra dlíthe agus timpeallachta. Sin an chuma a bhíonn ar rudaí ar scor ar bith.

Ach tá rud amháin atá amhlaidh don dá rud agus chun donais atá sé ag gabháil.

Bhí troid fíochmhar sa Chomhairle anuraidh nuair a bhí siad ag iarraidh teacht le chéile agus buiséad a leagan síos don bhliain seo. Nuair a bhí sé soiléir go raibh seans ann nach n-aontódh na páirtithe ar an bhuiséad a bhí curtha os a gcomhair ag bainisteoir an Chontae, dúradh go gcuirfí an Chomhairle ar ceal agus go reáchtálfaí an Contae ag státseirbhíseach ceaptha ag an rialtas. Ní raibh mórán iomrá ar an daonlathas ansin.

San Eoraip, déantar na socruithe móra stáit ag rialtaisí, ní ag an Pharlaimint. Nuair a bhí an tAontas Eorpach mar chuid den Troika, rinneadh cinneadh i ndiaidh cinnidh faoi thodhchaí na tíre seo gan oiread agus ceist curtha ar an Pharlaimint faoi. Easpa daonlathais arís.

Ar ndóigh, chonaic muid an rud céanna ag tarlú le hÚdarás na Gaeltachta. Dúradh go raibh deireadh á chur le toghcháin do Bhord an Údaráis cionn is go raibh costas mór leis na toghcháin ach bhí toghchán uachtaránachta agus reifrinn againn ó shin agus tá toghcháin áitiúla agsu Eorpacha againn inniu. Is beag costas breise a bheadh le toghchán an Údaráis ag ceann ar bith de na toghcháin sin.

Níl suim ar bith, is cosúil, ag na páirtithe móra i rud ar bith a athrú go bunúsach agus, fá láthair, sin díreach an rud atá de dhíth. Tá daoine ag fulaingt. Níl obair ar fáil sa cheantar seo. Tá na daoine óga thar sáile. Níl a fhios ag daoine cá mhéad a bheas ar na táillí uisce ach tuigeann achan duine go mbeidh siad ró-dhaor ag teaghlaigh atá in ísle brí cheana féin.

Agus tá an Ghaeltacht i mbaol a báis.

Tá an t-am nuair a thiocfadh leat brath ar na páirtithe móra seasamh leat, tá sin thart.

Caithfidh daoine seasamh ar a mbonnaí féin agus beart a dhéanamh daofa féin.

Sin an fáth go gcuireann an páipéar seo fáilte roimh an tionscnamh "Goitse go Gaoth Dobhair." Tógann sé spiorad daoine nuair a tchídh siad iad féin ag bogadh chun tosaigh dá stuaim féin, ag cur rudaí chun cinn atá le leas a bpobail féin. Agus is fiú smaoineamh air sin má tá tú ag vótáil inniu. An dtabharfaidh an duine a bhfuil tú ag vótáil dó tacaíocht do thionscnaimh mar seo?



Mar chuid den fheachtas leis an ceantar a choinneáil glan atá á reáchtáil ag Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair chuaigh meitheall oibre amach a ghlanadh bhóthar chúl an Earagail ar na mallaibh. Seo cuid den na hoibreannaí agus cuid den bhruscar a bhailigh said ar an lá. Más mian leat lámh chuidithe a thabhairt don obair fhiúntach seo, bí i dteagmháil leis an Chomharchumann ag an Chrannóg.

# Coláiste na bhFiann ag teacht go Dobhar

Tá Coiste Bainistíochta Ionad Naomh Pádraig i nDobhar i mbun pleanála le cúpla mí anuas le cúrsa Gaeilge a reáchtáil ón Ionad i Mí Meithimh. Trí seachtainí a mhaireas an cúrsa ar a mbeidh corradh agus 80 foghlaimeoirí Gaeilge ag freastal orthu,

Tá mná tí agus teaghlaigh Ghaeltachta le líofacht Gaeilge aimsithe le lucht foghlamtha na Gaeilge a choinneáil ina dtithe.

Deir ráiteas a d'eisigh Coiste Bainistíochta Ionad Naomh Pádraig go gcuideoidh an Choláiste Gaeilge seo an teanga a choinneáil beo sa phobal agus go déanfaidh sé maitheas mór do lucht na Gaeilge, do na mná tí agus do theaghlaigh Gaeltachta.

Leanann an ráiteas: "Ar an bhonn seo, is cinnte go mbeidh tionchar dearfach aige ar phobal maith Ghaeltachta s'againn féin go háitiúil. Creideann muid go bhfuil an fhís seo atá á réalú againn, ag teacht le fís na Roinne agus an Rialtais i leith na Gaeilge, mar go luíonn na hiarrachtaí atá ar bun againn, leis an phlean gníomhaíochta i leith na Gaeilge, mar atá, an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge".



Tá cainteanna ar bun le hIonad Athshlánaithe de chuid Cuan Mhuire a fhorbairt in Teach Bhaile Chonaill le cóir leighis ar fáil do andúiligh drugaí agus alcóil.

# An fhad agus atá an t-anam ionainn, beidh muinín againn …

**Aniar Aduaidh**

le **Brian Mac Rabhartaigh**

B'é an manadh teaghlaigh a bhí ag na hOlfartaigh *'Dum Spiro Spero'* a chiallaíonn, *'A fhad is tá an t-anam ionam, tá muinín agam'* agus tá an manadh seo le feiceáil 's le léamh go fóill, os coinn doras an tí, i mBaile Chonaill. I gceantair Chloich Cheann Fhaola duit, má luann tú na hOlfartaigh, is dóiche, i measc rudaí eile, gurb é an chéad rud a ritheann le daoine ná Eastáit agus Teach Bhaile Chonaill. Tá Teach Bhaile Chonaill ina sheasamh i lár na gcoillte craobhaí, taobh amuigh de bhaile an Fháil Charraigh. Cheannaigh na Tiarnaí Talaimh, siad sin, na hOlfartaigh, an eastáit ó Capt. Harte sa bhliain 1633 agus tógadh Teach Bhaile Chonaill, i dtrátha an bhliain 1763. Tá an fhoirgnimh anois i seilbh Údarás na Gaeltachta, mar gur cheannaigh an tÚdarás an eastáit sa bhliain 1987.

Le roinnt seachtainí anuas, bhí Teach Bhaile Chonaill ins an nuacht, mar go bhfuil suim láidir léirithe, Ionad Athshlánaithe de chuid *Cuan Mhuire* a fhorbairt ann. Seo Ionad a chuireadh cóir leighis ar fáil do andúiligh drugaí agus alcóil. Tá ainm an tSiúr Concilio, comhchiallach le Cuan Mhuire, cionnus gurbh í a bhunaigh an chéad Ionad Athshlánaithe de chuid Cuan Mhuire sa bhliain 1966 agus ón bhliain sin go dtí inniu ann, tá clú 's cáil ar an eagraíocht fud fad na tíre, de bharr é bheith ag feidhmiú mar an soláthraí cóireála athshlánú is mó sa tír do lucht andúile. Ó chéad bhliain a bhunaithe, tá Cuan Mhuire ag cur seirbhísí ar fáil do níos mó ná 75,000 daoine, ó cheann ceann na tíre.

Tá sé tugtha le fios go háitiúil, go bhfuil cainteanna leanúnacha ar bun idir ionadaí bainistíochta Chuan Mhuire agus feidhmeannaigh de chuid an Údaráis leis na féidearthachtaí Teach Bhaile Chonaill a fhorbairt mar ionad athshlánaithe, faoi chúram Cuan Mhuire. Cé go bhfuil mionlach fíorbheag ag cur in éadan a leithéid de fhorbairt ar chúiseanna faoi leith, is cosúil go bhfuil tromlach an phobail i bhfách go mór lena leithéid de fhorbairtí ar Theach Bhaile Chonaill, mar go bhfeictear na buntáistí a bhaineann lena leithéid. D'eagraigh Cumann Turasóireachta is Trádála an Fháil Charraigh cruinniú poiblí an mhí seo a chuaigh thart agus bhí suas le cúig scór daoine i láthair ar an oíche leis an cheist a phlé. Ba léiriú soiléir an cruinniú seo agus an méid a tháinig as, ar mhian láidir mhuintir na háite, go rachadh forbairt Ionad athshlánaithe ar aghaidh faoi scáth Chuan Mhuire agus go ndéanfadh Údarás na Gaeltachta a seacht ndícheall tacú leis an togra fiúntach seo ar dhóigh dearfach, trédhearcach.

Is cinnte gur tuar dóchais do phobal Chloich Cheann Fhaola agus na ceantracha máguaird, go bhfuil suim á léiriú ag Cuan Mhuire lonnadh ins an cheantar agus forbairt a dhéanamh ann a rachadh chun tairbhe lucht andúile. Ar an chéad dul síos, bheadh tionchar dearfach ag a

**Tá sé tugtha le fios go háitiúil, go bhfuil cainteanna ar bun idir ionadaí bainistíochta Chuan Mhuire agus feidhmeannaigh de chuid Údarás na Gaeltachta le Teach Bhaile Chonaill a fhorbairt mar ionad athshlánaithe, faoi chúram Cuan Mhuire.**

leithéid de Ionad sár-mhaitheasa, gan trácht ar na seirbhísí éagsúla agus an clár díthocsainithe agus athshlánaithe a thiocfadh leis, ar an té a bhfuil greim ag alcólachas, druganna, cearrbhachas agus a leithéid air nó uirthi.

Gan trácht ar an taobh daonna amháin, cha dtig gan cúl a thiompú ar an tionchar fiúntach a bheadh ag a leithéid de infheistíocht, ar eacnamaíocht an bhaile agus an cheantair chomh maith. Seo ceantar atá buailte go trom le roinnt blianta anuas, de bharr dífhostaíochta, gnólachtaí beaga ag druid síos agus an bád bán a bheith ag síor iompar na sluaite de ógánaigh an cheantair, ó fhóide an bhaile, go críocha i bhfad i gcéin.

Rachadh a leithéid de fhorbairt go mór chun sochar anáil úr a shéideadh i mBaile an Fháil Charraigh, gan trácht ar bladhaire an dóchais a lasadh i gcroithe atá trom agus in ísle brí. Deirtear go minic gurbh é an dóchas tobar na síoraíochta, agus ar an ábhar sin, tá géarghá le forbairtí maithe fiúntacha, a chuirfeas síol an dóchais agus na muiníne i gcró na ndaoine, seachas tortógaí troma an éadóchais a bheith á mbrú sa mhullach orthu. Bhí fiúntas ag baint le manadh na hOlfartaigh; *'A fhad is tá an t-anam ionam, tá muinín agam'* Tá sé thar am anois ag na hÚdaráis cuí agus ag ár gcuid ceannairí pobail, muinín a thabhairt do phobal Chloich Cheann Fhaola, ceannródaíocht a thaispeáint agus brú 'un tosaigh le togra Cuan Mhuir ar mhaithe le h-anam an phobail ina iomláine.

Goitse
ar fud na cruinne
Tá Goitse ar fáil ar-líne ag
www.goitse.org

# Gort an Choirce faoi bhláth



**Cordelia Ní Fhearraigh**

Cuirfear tús le Comórtas na mBailte Slachtmhara i mbliana ar an 1ú Meitheamh agus tá iarratas déanta ag Gort a' Choirce arís chun páirt a ghlacadh i gcomórtas na bliana seo. Seo anois an naoú bliain dúinn.

Ar dtús báire, comhghairdeas agus buíochas leis an pobal uilig a chuidigh le íomha deas a chuir ar an sráidbhaile le ocht mbliana anuas. Tá cuid mhór athruithe tagtha ar an bhaile le linn na blianta sin agus seolann muid grianghraif lenár n-iarratas achan bhliain chun na hathruithe seo a léiriú. Is tábhachtach iad na grianghraif le go dtuigfeadh na moltóirí caidé'n méid oibre atá déanta.

Ghnóthaigh muid 10 bpointe breise sa chomórtas anuraidh (2013) – marc iomlán: 253 as 400. Seo an méid is mó marcanna a fuair muid ó bhí 2010 ann nuair a ghnóthaigh muid 10 bpointe breise fosta. Tá moladh mór tuillte as an obair uilig a rinneadh. Tuairisc an mholtóra ar fáil ar suíomh idirlín an chomórtais (www.tidytowns.ie/reports.php).

Tá an coiste ag iarraidh ar achan duine ar an sráidbhaile; cónaitheoirí, úinéirí gnó, cuairteoirí, agus achan duine eile sa phobal, iarracht mhór a dhéanamh an áit a choinneáil glan agus slachtmhar i rith am samhraidh agus go luath san fhómhar. Ba mhaith linn an sráidbhaile a choinneáil saor ó bhruscar – bruscar garradh san áireamh i. duilleoga/géaga crann, lustain agus giotaí eile ó fálta/toir agus fosta crainn crochta thar na cosáin coise/bóithre. Bheadh sé ina chuidiú mhór dá gcoinneodh cónaitheoirí an cosán coise/bóthar atá buailte lena gcuid garraí/áitribh néata agus slachtmhar. Beidh moltóirí an chomórtais ar cuairt am inteacht le linn mhíonna an tsamhraidh (idir 1ú Meitheamh agus 31ú Lúnasa).

Tá Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta ar leic an dorais againn, sé sin Báigh Bhaile an Easa agus tá muid ag súil go mór leis an Traonach a chluinstin arís i mbliana. Tá súil ag an choiste clár eolais fá éanlaithe fiáine an cheantair a bheith ar taispeántas amach anseo. D'fhéadfadh sé seo, thar am, fairtheoirí éan a mhealladh chun cuairt a thabhairt agus beidh sé spéisiúil fosta do thurasóirí chomh maith leis an pobal áitiúil.

Má bhíonn aon moltaí nó ceisteanna agat nó más mian leat cuidiú ar bith a thabhairt thig dhul i dteagmháil le duine den choiste nó cuir scairt ar 087-6111524.








Teach athmhaisithe (*thuas agus ar dheis*) mar chuid d'iarracht Gort an Choirce do Chomórtas na mBailte Slachtmhara





# Cuairt na nGardaí ar Ghaoth Dobhair




Bhí tuairim is 50 comhalta de chuid an Gharda Síochána ag freastal ar chúrsa Gaeilge san Acadamh ag deireadh mhí Aibreáin. Ba é sin an tríú cúrsa dá leithéid le dhá bhliain anuas. Tá na cúrsaí Gaeltachta seo á reáchtáil le cuidiú leis na Gardaí seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal. Déanann na Gardaí atá lonnaithe i nGaoth Dobhair ranganna comhrá san Acadamh ar bhonn rialta. Fógraíodh le gairid go mbeidh Gaeilge líofa a dhíobháil do 10% do na postanna úra mar Ghardaí.

Tháinig na rannpháirtithe ó achan chearn den tír le freastal ar an chúrsa agus bhain siad idir shult agus thairbhe as na himeachtaí uilig. Bhí neart deiseanna acu snas a chur ar a gcuid Gaeilge le linn an chúrsa go háirithe nuair a bhí siad san iomaíocht lena chéile i dtráth na gceist Tigh Hiúdaí!

Mar pháirt den chúrsa d'eagraigh an Sáirsint áitiúil, John Joe McClafferty, turas go Toraigh. Bhí an LeasChoimisin-éir Fintan Fanning ar an turas stairiúil fosta agus bhí Patsaí Dan, Rí Thoraí, ag fanacht ar an ché le fáilte a chur roimh achan duine. Bhí lá ar dóigh ag achan duine istigh i dToraigh!



Gardaí ag glacadh treoir ón Rí nuair a thug siad cuairt ar Thoraigh mar chuid de chúrsa Gaeilge a bhí ar bun acu san Acadamh i nGaoth Dobhair.

**_Patrick Gallagher Coaches_**

*Seirbhís bus laethúil ó hAnagaire go Béal Feirste agus ar ais!*




*Bun an Leaca, Gaoth Dobhair, Co Dhún na nGall*
*info@gallagherscoaches.com*
**www.gallagherscoaches.com**
074 9531107; 087 2330888 / 2245848





# Seó faisin in Áislann Rann na Feirste

Mar pháirt d'fheachtas tofa airgid Choiste na dTuismitheoirí le haghaidh Scoil Oilibhéir Pluincéid Rann na Feirste thángthas ar an smaoineamh Seó Faisin a chur ar siúl agus mar is dual d'imeachtaí na hÁislainne cuireadh taispeántas d'ard chaighdeán i láthair. Ar thaispeántas den chéad uair chomh maith bhí comhlacht úr bhunaithe agus lonnaithe i nGaeltacht Ghleann Cholm Cille 'Éadach Charn na n-Éan' @ www.carnaweenclothing.com. Is málaí, hataí, sciortaí agus casógaí fear agus ban de bhréidín dúchasach atá á dhéanamh acu agus tacaíocht faighte acu ó Údarás na Gaeltachta. Rinne Michelle Nic Grianna agus Mary Aggie na mainicíní a chur i láthair ar an oíche.





# Polasaí Gaeilge seolta ag an tSeanbheairic

Bhailigh scaifte breá le chéile ag an tSeanbheairic ar an Fhál Carrach ar 13 Bealtaine do lainseáil Pholasaí Gaeilge an ionaid phobail.

Bhí Séamus Rua Ó Gallchóir ó Údarás na Gaeltachta i láthair leis an pholasaí a lainseáil go hoifigiúil.

I measc na bpointí atá sa cháipéis úr, tá cur chun cinn na Gaeilge san ionad le atmaisféar níos dearfaí a chruthú don teanga do chuairteoirí agus don fhoireann atá ag obair sa tSeanbheairic.

Le sin a bhaint amach, tá réimse cúrsaí ar fáil do dhaoine atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim, nó ar mhaith leo cur leis an méid atá acu.

Tá comharthaíocht san Ionad tábhachtach fosta agus tá rún ag bainistíocht na Seanbheairice déanamh cinnte go bhfuil an Ghaeilge chomh feiceálach agus is féidir ó thaobh comharthaí san fhoirgneamh, biachlár agus liostaí praghas. Beidh achan phóstaer agus preasráiteas dhátheangach fosta.

Ar ndóigh, beidh Cloch Cheannfhaola ag déanamh amach plean teangan sa chéad bhabhta eile den phróiseas phleanáil teangan a bheas á fhógairt i rith an tsamhraidh agus beidh polasaí na Seanbheairice ina chuid lárnach den iarratas a chuirtear isteach don limistéar sin.

Díreach i ndiaidh an polasaí a lainseáil, bhí stocaireacht polaiteoirí atá ag seasamh sa toghchán áitiúil maidir le polasaithe Gaeilge s'acu féin.

Ar an ardán ag caint agus ag freagairt ceisteanna bhí na Comhairleoirí Séamus Ó Domhnaill (FF) agus Pádraig Ó Doherty (Neamhspleách)agus na hiomaitheoirí Mícheál Cholm Mac Giolla Easbuig (Neamhspleách), John Shéamuis Ó Fearraigh (SF), Hughie Mac Giolla Bhríde (FF), Seán Ó Cuirreáin (FG) agus labhair ionadaí ar son Séamus Mac Ruairí nach raibh ábalta bheith i láthair.

Gheall gach iomaitheoir go dtabharfadh siad tacaíocht don teanga agus ceistíodh iad ón urlár faoi caidé mar a chuirfeadh siad an tacaíocht sin i bhfeidhm dá bhfaigheadh siad suíochán.

Aimsigh do Sprioc:
Glac fógra le Goitse!

(Tá an spás seo ar fáil ar €60!)

Rátaí eile agus eolas ar fáil
ó eolas@goitse.org
nó déan teagmháil ag
086 8476862

Goitse
www.goitse.org



Daniel O'Donnell agus Frainc Mac Cionnaith ar Shlí na Rosann

# Bealach Gaeltachta an BBC

Sraith nua nós maireachtála i nGaeilge é *Ar Bhealach na Gaeltachta* ina leanann láithreoir Frainc Mac Cionnaith na ceithre shlí thart ar Ghaeltacht Dhún na nGall ag bualadh leo siúd atá ina gcónaí agus a oibríonn ann. Tosóidh sé ar BBCNI ar an Luan an 26 Bealtaine ar a 10in.

Is é Bealach na Gaeltachta an t-ainm ginearálta ar cheithre shlí ciorclacha fad-achair i gceantair Ghaeltachta Dhún na nGall: Slí an Earagail, Slí na Rosann, Slí na Finne agus Slí Cholmcille. Sa tsraith cheithre chuid seo siúlann an Gaeilgeoir óg Frainc Mac Cionnaith gach slí acu, agus ar a bhealach faigheann sé amach cé chomh mór, chomh atmaisféarach agus chomh álainn agus atá an tír ghalánta gharbh seo.

Déanta do BBC Thuaisceart Éireann ag Imagine Media, nochtann Ar Bhealach na Gaeltachta spiorad Dhún na nGall trína dhaoine, a chultúr, a cheol agus a stair i gceann de na tírdhreacha scéimhe is lú milleadh in Éirinn.

Taobh leis na dúshláin fhisiceacha ar gach turas, tapaíonn Frainc an deis le bunbhrí a thurais a mhíniú trína léiriú ealaíonta féin.

Is as Dún na nGall féin í léiritheoir na sraithe Sheila Friel. "Dar liom gur seo ceann de na léiriúcháin is sultmhaire a d'fhorbair mé le blianta beaga anuas. Rud ar bith a bhí de dhíth le sraith mheallacach a dhéanamh, bhí sé ag doras an tí agam féin — áilleacht nádúrtha an chontae mar chúlra, oscailteacht agus teochroí na gcarachtar agus a bhflaithiúlacht ag roinnt a scéalta agus a n-eolais — rud a d'fhág próiseas iomlán an léiriúcháin ina phléisiúr agus ina phribhléid. Bhí an méid a d'fhágfadh muid ar lár ar na trioblóidí is mó bhí againn, ní hé cad é a bhí le coinneáil istigh. Mothaím go mbeidh go leor as an nua d'ár lucht féachana; guthanna nua agus saibhreas teanga leo a thugann léargas ar chontae atá ar maos i stair."

Tosaíonn clár a haon leis an turas is faide ó thuaidh de na ceithre shlí, Slí an Earagail, áit a dtosaíonn Frainc a thuras sa bhaile beag pictiúrtha Dún Lúiche. Cluineann Frainc faoi mhiotas agus finscéalta áitiúla; foghlaimíonn sé fá thionchar na heisimirce ar Ghaoth Dobhair ó bhean de bhunadh na háite Máire Rua Ní Ghallachóir agus ag an oileánach Eddie Joe Mac Aoidh. Faigheann Frainc amach faoin bhláth atá tagtha ar an chruthaitheacht i nGort an Choirce agus ar an Fhál Charrach sula mbaineann sé ceann scríbe an chláir amach ag barr an Earagail, in éineacht le Conallach a bhain barr Everest amach.

Is é Slí na Rosann an dara clár sa tsraith agus díríonn sé ar na Rosa in Iarthar Dhún na nGall. Ar an turas seo buaileann Frainc le beirt dheartháireacha óga fiontracha as Loch an Iúir atá ag snoí ainm dóibh féin go háitiúil agus go hidirnáisiúnta. Gheobhaidh sé amach faoin iarnród éagtha sin 'That Old Sinner' in Ailt an Chorráin, chomh maith le bualadh le curadh curach uile-Éireann agus le buachaill bán Dhún na nGall é féin Daniel O'Donnell.








Buail is osclófar

Knock and it will open

**Logáil isteach ar www.gaeilge.ie leis an mbealach is tapúla a fháil go dtí an t-eolas atá uait. Féach na mionfhógraí ar NASC, áit ar féidir leat:**

- fógra a chur suas le cúrsa nó imeacht a lorg nó a fhógairt,
- do réimse spéise a chlárú chun foláirimh a fháil a nuair a fhógraítear eolas nua, nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuardach – agus a lán eile.

**Just log on to www.gaeilge.ie for the quickest route to the information you need. Check out the NASC classified ads where you can:**

- post an ad to request or advertise a course or event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood – and much more.

Foras na Gaeilge

1850 325 325 / 0845 309 8142
eolas@forasnagaeilge.ie




# Skabaret Craiceáilte

Beidh ceol Ska, rac-cheol, ceol traidisiúnta agus ceol as Poblacht na Seice ag an Chabaret Craiceáilte, a bheas ar siúl Tigh Hiúdaí, An Bun Beag, Dé Sathairn seo, 24 Bealtaine.

Ghlac Boss Sound Manifesto, grúpa ceoil Ska as Béal Feirste le dúshlán an Chabaret, seit iomlán a dhéanamh i nGaeilge, cúpla bliain ó shin, agus rinne siad seit 30 bomaite Tigh Hiúdaí, an uair sin. Idir an dá linn, choinnigh siad ag cuir leis an seit, agus anois, tá seit Ska uair go leith acu lena bhforógra a chur in iúl.



Boss Sound Manifesto (thuas) agus Katerina Garcia (ar chlé) a bheas páirteach sa Chabaret

Beidh racghrúpa úr ag teacht inár dtreo, lán le gleo, an iarraidh seo fosta, grúpa darbh ainm **Dysania** as baile Mhuineacháin. Sheinn siad ag an *G-Spota* i mBéal Feirste cúpla uair, agus bhí dúil mhór ag na Feirstigh ina gcuid ceoil.

Tá **Katerina Garcia** as Poblacht na Seice, ag teacht go Gaoth Dobhair Dé Sathairn seo fosta, agus beidh sise ag canadh amhráin áille sa stíl *shepardic* a bhaineann le pobail Ghiúdacha a mhair in áiteacha éagsúla san Eoraip, an Spáinn agus an Phortaingéil, go háirithe.

Tá na Píobairí Álainne, Stevie Porter agus Cormac Ó Briain ag seinm ar an ardán, Dé Sathairn seo fosta.

Cuirfear tús leis an cheol agus an tsiamsaíocht thart ar 9.30pm Dé Sathairn seo, 24 Bealtaine, Tigh Hiúdaí, An Bun Beag.

# Imeachtaí Samhraidh eagraithe go háitiúil

Tá an chomhlacht áitiúil, mng, ag eagrú neart imeachtaí le turasóireacht a fhorbairt sa Ghaeltacht. Le *Rock agus Roam* ag gabháil ó neart go neart, tá siad faoi láthair ag eagrú réimse turais chuig na hoileáin. Beidh an chéad cheann ar oileán Ghabhla ar 31 Bealtaine. Beidh turas thart ar na hoileáin bheaga, lón, siúlóidí agus dreapadóireacht, seilg bia farraige chomh maith le taispeántais ó Chumann na gCurach. Tá togha agus rogha lóistín ar fáil.

Beidh camchuairt ar na hoileáin, Inis Fraoigh, Inis Caorach, Inis Mhic an Duirn agus Inis Cú agus síamsaiocht ar Árainn Mhór. Beidh na turais seo ar fáil le linn an tsamhraidh agus tá na sonraí ar mng.ie

Mar páirt d'Fhéile Mary from Dungloe, beidh Moira Ní Ghallachóir ó mng.ie ag tabhairt na Marys ag dreapadóireacht thart ar An Machaire agus deis ag daoine triail a bhaint as dreapadoireacht mar pháirt de chlár na féile.

I mí Meithimh, cuirfear tús le siúlóidí speisialta i nGleann Bheatha. Beidh an chéad cheann ar an 13ú agus beidh siúlóid oíche, chomh maith le siúlóidí do siúlaithe a bhfuil taithí mhaith acu, agus don teaghlach uilig. Leanfaidh na siúlóidí seo ar aghaidh go dti Lúnasa. Dátaí ar fáil ó mng.ie

Beidh Rock agus Roam i láthair ag an chéad bhliain den Swell Festival ar Árainn Mhór. Beidh ceol, ealaíon, filíocht, campáil, eachtraíocht agus neart eile don teaghlach uilig. Le ceol ó In Their Thousands, Duke Special, scéalaíocht agus DJs, , tá an caighdeán agus rogha iontach ar fad!

# Airgead cruinnithe go háitiúil do ghrúpa tacaíochta diabéitis

Ar Luan Cásca ghlac breis agus 100 duine páirt i siúlóid/rás 5k chun airgead a chruinniú do Ghrúpa Tacaíochta Chumann Diaibéitis Dhún na nGall. Is iad Joe agus Méabh Mac Pháidín as Dobhar a d'eagraigh an rás a thug daoine thart ar Mhín na Leice agus Doire na Mainséar.

D'éirigh thar barr leis an imeacht seo agus tógadh breis is €3,000 ar an lá.

Bronnadh seic de €3,929.00 ar chathaoirleach Chumann Diaibéitis Dhún na nGall ag ócáid i mBun Cranncha le gairid. Tá an cumann an-ghníomhach agus cuireann na baill imeachtaí do dhaoine a bhfuil diaibéiteas orthu, idir óg agus aosta.

Ghlac Joe agus Méabh buíochas le gach duine a chuidigh leo ar an lá agus leo siúd a ghlac páirt sa rás.




Méabh, Joe Mac Phaidín (ar chúl) agus scaifte páistí ag bronnadh seice ar Gerard Gallagher, Cumann Diaibéitis Dhún na nGall.

# Péisteanna ribe agus cloicheáin



Pól Ó Muireasáin

Bheir seilg bia na farraige pléisiúr as cuimse domh agus níl béile níos blasta a íosfaidh mé istigh ar Ghabhla ná dinnéar lán de phéistí ribe ná de chloicheáin. Ainmhithe beaga mara nach bhfaigheann mórán poiblíochta ar chósta na hÉireann ach a bhíonn flúirseach go leor Mí Iúil agus Mí Lúnasa agus is deas blasta an dinnéar a dhéantar astu, tá mise ag inse duit, a léitheoir dhil! Ná déanaimis dearmad ach an oiread gur maith an baoite iad le hiasc a mhealladh ar an duán iascaireachta.

Is minic nach ndéantar difear ar bith idir an phéist ribe (séacla, ribe róibéis nó ribe róin) agus an cloicheán (piardán nó ribe róibéis). Is amhlaidh an scéal i mórán teangacha eile ach tá difear bunúsach amháin atá le feiceáil iontach soiléir — is é sin go bhfuil rostram nó bior fiaclach ag gobadh amach idir an dá shúil ar an chloicheán. Chomh maith leis sin, tá dá chrúbóg iontach beag ar an chloicheán in áit an chéad dá chos atá ar an phéist ribe agus tá corp beag bídeach na péiste ribe níos dírí ná corpán beag lúbtha an chloicheáin.

Is furasta iad a sheilg ach a fhios a bheith agat cá mbíonn siad. Is minic a gheibh tú na péistí ribe sna locháin agus lag trá ann nó fiú in aice leis an ché. Tá eangach láimhe agam a thig liom a chur isteach fríd na creagacha agus a thugann amach lón measartha domh. Tá mogall na heangaí mór go leor le go mbeidh na cinn bheaga in ann éalú amach as pota Phóil agus a mhaireachtáil fá choinne lá nó dhó eile. Bíonn orm amharc go géar ar na cinn atá fágtha agus a dhéanamh cinnte nach bhfuil péistí ribe faoi eochróga. Má bhíonn, caithfidh mé iad a scaoileadh isteach san uisce arís. An t-am gairid sin i ndiaidh an mharbhshrutha an t-am is fearr le gabháil ar thóir na gcloicheán nó chomh luath agus a thosóidh an fharraige a líonadh, tchífidh tú na boigheáin bheaga ag teacht isteach ina gcéadta leis an tsruth. Má bhíonn tú i do sheasamh san uisce gan bogadh thart, tiocfaidh siad suas a fhad leat — sin chomh fiosrach agus atá an t-ainmhí beag gleoite seo. Bainimse úsáid as an eangach láimhe fosta lena brú fríd an fheamnach agus is maith liom iad a fheiceáil ag léimnigh thart. Cuireann sé iontas orm chomh gasta atá siad in ann croitheadh tobann a bhaint as an ruball agus cúlú siar nó '*reversáil*' ar luas lasrach amach as bealach na contúirte.

Tá rud aisteach a chonaic mé cúpla uair agus mé ar thóir na gcloicheán istigh ar Ghabhla. Tig cineál de thinneas aghaidhe ar fhiorbheagán de na cloicheáin agus *Bopyrus squillarum* an t-ainm breá galánta Laidine atá ar an iseapód seadánach nó paraisíteach. Is é a ghreamaíonn d'aghaidh cloicheáin agus is é is cúis le taobh aghaidhe an chloicheáin a bheith ataithe.

Chomh luath agus a bhíonn an buicéad ceathrú lán, tá go leor agam le go bhféadfainn aghaidh a thabhairt ar an champa. Níl fiachadh orm iad a bhruith lom láithreach mar go gcoinneoidh siad úr sa tsáile ar feadh an lae. Am na cócaireachta arís. Yipííííí! Is é rud a chuirimse na cloicheáin nó na péistí ribe isteach i sáile atá ar gail. Ní bhíonn mórán ama de dhíth lena mbruith. Tchífidh tú iad ag éirí oráiste agus tá sé in am agat iad a bhaint amach as an uisce agus ligean dóibh fuarú. Tá i bhfad an bharraíocht trioblóide ann leis an chraiceann chnámhach a bhaint uilig den chloicheán nó den phéist ribe agus is é an rud a ghnímse, de ghnáth, an cloigeann a bhaint díobh agus an fheoil a fhágáil mar atá sa ruball. Bheir sin luach cnagtha duit nó *crunch value* nuair a itheann tú do chuid. Sinséar agus gáirleog agus cillí in ola olóige agus caith isteach na cloicheáin nó na péistí ribe bruite. Is maith liom iad sin a chur ar leaba ríse atá measctha le glasán — sin cineál de leitís mara. Mar a bhuailfeá do dhá bhos ar a chéile, tá béile breá blasta eile os do chomhair amach réidh le hithe agus le blaiseadh.

Go maire sármhargadhsaor.com choíche go deo na ndeor!





**Béile breá blasta: An Phéist Ribe (*Crangon crangon*) agus an Cloicheán (*Palaemon serratus*)**

# Níl deireadh caillte

Bhí an Luas ag an stad trí chéad slat ar shiúl uaim. Rith mé mar an diabhal ag tarraingt mo bhagáiste i mo dhiaidh. Shroich mé í agus na doirse ar tí a dhruid, le haghaidh mhór dhearg agus m'anáil i mbarr mo ghoib. Níor bhog aon duine ón ndoras le mé a ligint isteach: gach duine sáite i bhfón póca. Ach bhí fear de m'aois féin ag amharc amach fá mo choinne. Thug sé ar na daoine bogadh isteach giota. Bhí gáire ina shúile a dúirt "Bullaí mná — níor lig tú síos muid" ('sé sin lucht na Gruaige Léithe).

Bhí lúcháir orm go raibh duine amháin garach agus spreagúil, ach chuir an dóigh a raibh na daoine eile druidte isteach ina ndomhan príobháideach féin isteach orm: go háirithe i ndiaidh eachtra a tharla i bhFrankfurt dhá lá roimhe sin.

Bhí m'iníon ag rothaíocht ar an chasán rothair. Chonaic sí rothaí eile ag teacht ina treo ar nós na gaoithe. Chas sí ar leataobh, tharraing sí go teann ar na coscáin, agus cuireadh amach i ndiaidh a mhullaigh í, os cionn na lámha. Bhí sí ina luí ansin, a haghaidh agus faoina smig uilig gearrtha, fuil ag doirteadh go fras. D'imigh an rothaí thairsti. Níor stad duine amháin nó níor amharc aon duine uirthi. Ba scáfar an radharc í nuair a d'oscail muid an doras i ndiaidh di a bealach a dhéanamh ar ais, í bán, fuilteach, ar ballcrith leis an phreab a baineadh aisti; agus ba é an rud a ba mhó a bhain suaitheadh aisti ó thús deireadh nár shín oiread is duine amháin amach as an scaifte ar na sráideanna lámh cuidithe di.

Tháinig mé den Luas agus ar aghaidh liom go dtí an áit inar fhág mé mo charr agus bhuail mé an bóthar 'na bhaile go Gaoth Dobhair.

Bhí go maith agus ní raibh go dona. Ar mo bhealach amach ó Chill Mhic Réanáin bhuail an fón póca ag mo thaobh. Níor fhreagair mé é ach, ar feadh bomaite beag, thóg mé mo shúile den bhealach. Ba leor sin. Bhuail na rotha ar an taobh chlé in éadan céime ar thaobh an bhóthair, úr-thógtha ansin ag an Comhairle Condae le tabhairt ar thiománaithe – agus ní gan chúis — maolú ar a luas agus iad ag dul fríd an bhaile sin. Bhí an dá roth scriosta.

Bhuel, ní raibh carr ag dul tharam nár stad. D'fhan beirt fhear lách liom go dtí go raibh a fhios acu go raibh mé amach as an abar. Stad fear eile ó chomhlacht tarrthála agus d'imigh sé a chuartú rotha a d'fhóirfeadh do mo charr. Ní raibh aon cheann le fáil ach thug sé leis an rotha breise amach as carr rúnaí a chomhlachta. Chuir sin beagán imní orm. Rinne sé gáire. "Arú nach bhfuil uimhir s'againn aici?"

Chuaigh mé ar ais leis an rotha i gcionn cúpla lá nuair a bhí rotha úra fúm, agus pingin nó leathphingin ní ghlacfadh sé uaim.

Sin mar atá sa tír seo fós, agus gurb amhlaidh a raibh.



**Colún Nóra Chit**

# Fógraí Pobail

**FORBAIRT POBAIL:**
● MOT – Meitheal Oibre Tacaíochta: Seanóirí ar bith a bhfuil tacaíocht/cuidiú ar bith de dhíth orthu le jabanna beag thart fán teach. Eolas: Ionad Naomh Pádraig, 074 95 32949

**SLÁINTE**
● **'Men on the Move'** - clár aclaíochta do fhir nach bhfuil ró-aclaí achan Dé Máirt & Déardaoin in Ionad Naomh Pádraig @ 8i.n. Eolas: 074 95 32949

● **Bean na gCos:** Bíonn clinic ag an Choslia Siobhan Joyce sa Chrannóg ar an Aoine dheireanach de achan mhí ón 10.00rn go dtí an 3.00in. Beidh sí ann arís ar an 30 Bealtaine.

● **Relay for Life 'Misneach'** – Tá foireann as Gaoth Dobhair darbh ainm 'Misneach' ag glacadh páirt. Duine ar bith ar mhaith leo uair a chaitheamh linn i Leitir Ceanainn, tá fáilte romhaibh. 31 Bealtaine, 6i.n. – 1 Meitheamh, 6i.n. Déan teagmháil le Máire @ 0749532949.

**CEOL:**
● **Ceol 's Spraoi** Ranganna ceoil do pháistí (0-5 bl) in Ionad Naomh Pádraig achan Dé Máirt @ 2i.n.

**FOLÚNTAS:**
● Post Páirt-Aimseartha (19.5 uair). Tá post páirt aimseartha le líonadh mar Chócaire in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar. Cáilíochtaí: Déimhniúcháin HACCP. Seol d'iarratas chuig Máire san Ionad roimh Dé hAoine 30/05.

**OIDEACHAS:**
● *Grinds* saor in aisce do dhéagóirí atá ag déanamh na hArdteistiméireachta.
Fraincis achan Dé Luain @ 6.00 i.n., Béarla achan Dé Máirt @ 5.00 agus Mata achan Dé Céadaoin @ 7.00 i.n. Eolas: 074 9532949

**SIAMSAIOCHT DON ÓIGE:**
● Féile Peil Óige Ghaoth Dobhair Aontaithe
Féile Peil agus Bronnadh Dé Sathairn 21 Meitheamh, 6-9pm i gCarraig Uí Bhaoill.
Cluichí Blitz ar an pháirc Astro ó faoi 6 suas go dtí faoi 12. Preabchaisleán, imeachtaí agus cluichí eile. Beárbaiciú ar feadh an tráthnóna. Ceol beo mall isteach sa tráthnóna. Bronnadh ar imreoirí óga uilig Ghaoth Dobhair Aontaithe i ndiaidh seasúr maith in 2013-14. Eolas: Pól 087 2590187

**SEIRBHÍS DLÍ:**
Clinic Saor-Sheirbhís Dlí trí Ghaeilge sa Chrannóg lá amháin achan mhí. Beidh an tseirbhís ann arís ar an 31 Bealtaine ón 2-4i.n. Tá an tseirbhís seo á chur ar fáil ag FLAC i gcomhar le Conradh na Gaeilge.

**COMÓRTAIS:**
● **Pobal Eascarrach**
Comghairdeachas le na buaiteoirí comórtais Seachtain na Gaeilge 2014 in Ionad Pobal Eascarrach ar An Fálcarrach. Comórtas Ealaíne, Seachtaine na Gaeilge. Aoisghrúpa 4-6: Joseph Ó Tuiridh, Aoisghrúpa 7-9: Stephen Ó Cuireáin. Comhbhuaiteoirí, Aoisghrúpa 10-12: Shauna Ní Ghallchoir & Jade Nic Phaidín. Rang 3: Ryan Mc Callion, Joseph Mac Aoidh, Clodagh Toye & Olivia Mc Iver. Is é Gráinne Ní Dhuibhne & Laura Barrett a rinne an moltóireacht. Buaiteoir Grianghrafadóireacht, Seachtaine na Gaeilge, Anne McFadden. Buíochas ó chroí do achan nduine éile a thug isteach grianghraif don chomórtais.

**FÉILTE:**
● **Féile na Seanbheairice** ar siúl ón 26-29 Meitheamh. Eolas ar na h-imeachtaí uilig le fáil ar an suíomh idirlín www.antseanbheairic.com nó ag 074 9180655.

● **Féile Thraidisiúnta Chnoc Fola**
Tá Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair i gcomhar le Coiste Forbartha Chnoc Fola ag eagrú Féile Chnoc Fola mar is gnáth. Beidh an Fhéile ag tarlú ón 25-27 Iúil agus beidh clár mór de imeachtaí ar siúl, ina mbeidh an lá traidisiúnta ag Teach Mhuiris mar pháirt de.

● **Féile Ceoil Loinneog Lúnasa** 8-11 Lúnasa - Clár iomlán le fógairt gan mhoill. Eolas: 9532208

● **Corn Cuimhneacháin Éamoinn Ghráinne**
Comórtas amhránaíocht ar an sean-nós i gcuimhne ar Éamonn Mac Ruairí: Óstán Loch Altan, ar an Domhnach 29 Meitheamh, 2014, mar chuid de Fhéile na Seanbheairice. Céilí ina dhiaidh le Rí Thoraí, Patsy Dan, Daniel Cullen agus cairde. Eolas agus clárú: An tSean Bheairic 074 9180655

● **Comórtas griangrafadóireachta agus comórtas ealaíne do pháistí** ar an téama "Cloich Cheann Fhaola: Caractair & Láthair", luach €300 de dhuaiseanna. Spriocdháta 15 Meitheamh. Beidh na pictiúirí ar thaispeántas i rith Féile na Seanbheairice.

● **Oifig Eolais Turasóireachta**
Beidh an oifig eolais á reáchtáil sa Chrannóg le linn an tsamhraidh. Ma tá suim agat cuidiú go deonach leis an oifig a choinneáil foscailte ag an deireadh seachtaine, cuir scairt ar Chathal ag 9532208.

Glac fógra le do nuachtán áitiúil
Rátaí eile agus eolas ar fáil ó eolas@goitse.org
nó déan teagmháil ag 086 8476862
Goitse
www.goitse.org

# Bain greim as neantóga



**Blag na mBuataisí**
le **Bríd Ní hIcí**

De ghnáth bíonn Mí na Bealtaine iontach gnóthach sa ghairdín. Ach thig leis an mhí seo bheith aisteach ó thaobh na haimsire de. Bíonn an chontúirt ann go mbeadh droch-aimsir ann. Tá ardú teochta san aimsir agus sa talamh fosta, ach thig le sioc muid a bhualadh go fóill agus, mar sin, coinnigh súil ar réamhaisnéis na haimsire agus má bhíonn eagla ort go mbeidh sioc ann, clúdaigh do chuid plandaí óga le *fleece* chun iad a chosaint. Ar an taobh eile den scéal, thig linn aimsir iontach te a bheith againn fosta agus caithfdh tú déanamh cinnte go bhfuil go leor uisce ar do chuid plandaí agus go bhfuil foscadh acu chomh maith.

Ma bhíonn do chuid plandaí mór agus láidir go leor, thig leat iad seo a chur taobh amuigh. Siolra, sioliriac, cál, duilleoga sailéad, scailliúin, raidis, biatas agus brocailí.

Cé go mbíonn na plandaí ag fás, bíonn na lustan fosta agus déan iad a ghlanadh lá tirim le grafóg sa dóigh nach mbíonn seans acu fréamacha domhain a chuir sa talamh.

Rud amháin atá ag fás in achan áit ná neantógaí, nó cúil fáigh. Cé gur lustan iad, thig leat sú, peisteo nó tae a dhéanamh daofa agus tá mise chun cúpla oideas a thabhairt daoibh fá choinne sú agus peisteo atá déanta de neantógaí. Tá said lán de vitimíní, iarann agus frith-hiostaimín nádúrtha. Caithfidh tú iad a ghlanadh go maith agus is iad na duilleoga amháin a úsáideann tú fá choinne an dá oideas seo a dhéanamh

Déan cinnte go mbíonn miotóga rubair ort ag cruinniú na nduilleoga agus glan go maith iad. Thig leat na duilleoga a bhruith ar feadh cúpla bomaite chun an stoing a bhaint astu.

## Peitseo neantóg

**25g duilleoga neantóg**
**2 ionga gairleoige**
**25g cáis parma, grátáilte**
**25g almóinní no cnó péine**
**8 bordspúnóg ola olóige**
**piobar dubh & salann**

Nigh na duilleoga go maith agus caith ar shiúl duilleoga ar bith atá donn. Lig do na duilleoga triomú

Cuir an ghairleog, na cnónna agus 3 bordspúnóg den ola olóige isteach i próiseálaí bia, dean iad a chumaisc ina leafaos.

Measc isteach an cháis, na neantógaí agus an chuid eile den ola agus cumaisc arís.

Blas an peisteo agus thig leat salann agus piobar a chur ann agus tuilleadh ola ma bhíonn an pesiteo ró-tiubh.

Beidh sé maith go leor sa chuisneoir ar feadh seachtaine. Tá sé galanta le pasta nó ar baguette le ionga gairleoige brúite.

## Sú le neantógaí

**2 oinniúin mhionghearrtha**
**2 cainneann gearrtha i slisne**
**2 craobh soilire gearrtha i slisne**
**ionga gairleoige brúite, no cúpla ceann más mian leat féin**
**2 phráta mhionghearrtha**
**Cupán piseanna reoite**
**1.5 lítear stoc sicín no stoc glasraí**
**800g duilleoga neantóg**
**Ola olóige**
**Piobar dubh & salann**

Ag úsáid scilléad mór domhain, frioch an dá oinniún, soilire agus an cainneann san ola olóige go dti go mbíonn siad bog agus tréshoilseach.

Cuir na prátaí, an gairleog agus an stoc sa scilléad agus leis an chlár ar an scilléad, lig dó seo a suanbhruith ar feadh 10-15 bomaite ar teas íseal go dtí go mbíonn na prátaí bog.

Cuir isteach na píseanna agus na neantógaí agus measc go maith,

Fág seo ar suanbhruith go híseal ar feadh 5 bomaite agus bain úsáid as próiseálaí bia fá choinne an sú a mheascadh.

Blaistigh an sú le salann agus piobar agus, má bhíonn tú ag iarraidh, thig leat braon uachtair a dhoirteadh isteach ann roimh é a chur ar an tábla.



# Cnuasach Daltaí

**Dánta a scríobh daltaí as Pobalscoil Ghaoth Dobhair i mbliana. Nach maith iad!**

## Tomás Mór

Is mise Tomás Mór,
Tá mé giota beag bodhar,
Tá mé dhá bhliain déag d'aois,
Is mo dheirfiúr í Louise.

Téim ar scoil Chnoc Fola,
Bíonn muid ag suí ar an bhalla,
Tosaíonn an scoil ar an naoi,
Bíonn muid réidh ar a trí.

Cuireann mé orm *gel*,
Nuair atá mé ag imirt peil,
Ithim *ham* rósta agus anlann bán,
Ach an bia is fearr ná seacláid bán,
Agus seo an deireadh leis an dán.

**Dean Ó Coilm, 1ú Bliain**

## Is fuath liom ag scríobh filíochta

Is fuath liom ag scríobh filíochta
Níl a dhath agam le scríobh faoi
Scríobhann daoine eile faoi snámh nó marcaíocht
Na habhainn nó an ghrian bhuí.

Dúirt an máistreás liom seo a dhéanamh
Nuair nach raibh sí sásta le mo scéal
Agus bhí mé chomh feargach le tarbh
Ach níor oscail mé mo bhéal.

Ní fheicim an pointe leis an seafóid seo
Agus ní fheicfidh mé go deo
B'fhearr liom oighear a choimhéad ag reo
Nach ag scríobh an seafóid seo.

Ach amharc ar ais cad a rinne mé?
Tá an leathanach chóir a bheith lán
Thig liom dul fá choinne cupán beag tae
Mar sa deireadh scríobh mé dán!

**Odhrán Mac Roibeard, 2ú Bliain**

## Clapsholas

An gasúr beag óg
Ina shuí mar dhuilleog
A theach is a chroí,
An sean chrann,
Agus an gasúr sa spéir.

An gasúr ag fás
Ag rith fríd an choillí agus
Na cuibhrinn,
Ag briseadh na gcraobhanna,
Ag gáire,
Gan Imní.

An sean fhear
Anois liath,
Clapsholas,
An crann go fóill láidir
Ach sean,
Agus beirt
Ag glacadh a scíste.

**Conal Ó Casaide, 2ú Bliain**

## An Samhradh

An samhradh an séasúr is teo
Na míonna is teo den bhliain
San uisce fuar na trá
An ghrian ag spalpadh síos ar an domhan
Maith na lóistrí atá ag teacht
Hataí gréine ar ár gcinn
Rí rá agus ruaille buaile ar an trá
Achan duine amuigh sa timpeallacht
Daoine sona sásta i Rann na Feirste
Hataí marcaíochta ar mharcaí óga.

**Cian Ó Dochartaigh, 1ú Bliain**

## Do Chrothnú

Is minic ba ghnáth leat gáire a chur ar m'aghaidh
is gliondar ar mo chroí
Na hoícheanta fada ag caint is ag comhrá
Gan aon rud ag cur buaireamh orm,
Mé ag glacadh an saol go réidh.

Ach anois tá tú imithe
Go ciúin agus go tobann.
Is ní bheidh a fhios agam a choíche
Freagra na ceiste seo.

An phian, an chumhaidh a mhothaím san oíche
Gan aon duine ansin leis na deora a cheapadh ó mo shúil.
Cuimhní caoi atá agam anois
Is tú imithe uaim go deo.

**Caoimhe Nic Pháidín Ní Dhomhnaill, 4ú Bliain**

## Am

I mo shuí ar leac na tine
Ag smaoineamh ar na blianta le theacht
Nach deas é a beith óg
Ach tá na blianta ag druidim isteach
An Ardteist ag teacht
Ag obair go dian dícheallach.
Tá na pointí ansin
Ach tá an obair de dhíth
Coláistí ag fanacht
Iad ar maos le hoideachas
Le tú a ullmhú
Le léann den scoth.

**Gary Mac Pháidín, 4ú Bliain**

## Sa Bhaile

Tá an fharraige go gorm
Ag titim ar an trá gheal bán
Tá an t-aer go húr go nua,
Blas salainn ar mo bhéal.

Giotaí féir ag damhsa sa ghaoth
Tagann soiléireacht
Soiléireacht intinne
Soiléireacht croí.

Ag análú fíor aer
Chonacthas grian
Ag titim amach as an spéir
Chodail sí ar bharr na farraige.

An ghaoth agus an fharraige
Ag caint
Iad i gcogar lena chéile
An spéir ag éirí dorcha
An ghrian ina codladh
Éiríonn an ghealach le súil
A choinneáil agus
Tá ag faire orainn.

**Sandra Sanzone, 4ú Bliain**

## An Bulaí

Brúite mar a bheadh grabhróg
Mo bhrionglóidí brúite
Gasúr múinte fosta.

Táim bog goilliúnach
Gan bhrí
Druidfear na cuirtíní
Ar mo bhrionglóidí.

Daoine ag maistíneacht
Ar na daoine istigh
Gan náire gan chiall!!

Deireadh ré
Mo phort seinnte.

Deireadh leis an gcóir
Deireadh leis an fhóireigín
Imithe as an domhan seo.

Ní dhéanaim dearmad
Ar na daoine fuafar
Go Deo!!

**Seosamh Mac Pháidín, 4ú Bliain**

## An Caorthann
### *Sorbus aucuparia*

Cé gur ard é an Crann Caorthainn bíonn sé searbh ag a bharr.

Is léir go bhfuil an Crann Caorthainn ainmnithe as a chaora. Bíonn an crann trom leis na torthaí beaga dearga, na géaga cromtha lena méid. Maireann siad an Geimhreadh go minic agus bíonn siad suntasach go háirithe ag an am lom, neamh-dhathach, sin den bhliain. Tagann ainm an ghéinis *Sorbus* ó sorbum a dtugtaí ar thoradh an Chrainn Soirb *Sorbus domestica* a raibh an-rath air fadó. Agus tá baint fiú ag an fhocal aucuparia leis na caora mar go dtagann sé ón laidin avis (éan) agus capere (gabháil). Is cinnte go mbíonn éanlaith meallta ag an fhoinse bhreá bia seo.


An Caorthann

Is crann measartha beag é an Caorthann atá faoi dhuilliúir agus i mbláth faoi láthair.

Tá gach duilleog cleiteach, sé sin go bhfuil sí cuimsithe de mhion-duilleoga ar nós duilleoga na Fuinseoige *Fraxinus excelsior.* Ach níl na crainn seo gaolta lena chéile; tá an Caorthann ina bhall den ghrúpa Rosaceae agus an Fhuinseog san Oleaceae.

Tá na duilleoigíní ar an Caorthann fiaclach agus níos gile ar an taobh íochtar.

Bíonn na bláthanna beaga geala bailithe ina mbraislí ar bharr na ngéaga. Tá gach bláth comhlán — le baill fireann agus baineann iontu. Ní deas an boladh astu (dar liom) ach tá siad mealltach do mhórán feithidí. Is iad cuileanna agus míoltóga na príomh-phailneoirí. Tugtar pómaí ar na torthaí; bíonn déanamh úll orthu.

Is foinse mhaith de vitimín C agus peictin iad. Bhíodh siad in úsáid, mar sin, in aghaidh an ghalair carrach agus sceadamán nimhneach. Cógas don asma a bhí sa toit ó na duilleoga dóite. Seans gur vitimín C a bhí uaithi nuair a chur Gráinne dúil chráite sna caora Chaoirthainn agus í torrach. Ach bhí sí ag dúil leis na cinn áirithe ar chrann a bhí á chosaint ag Searbhán Lochlannach. Ar ndóigh bhí a gaisce, Diarmait, in ann déileáil leis.

Ach b'fheidir gur an chumhacht is fearr atá luaite leis an Chaorthann ná mar chosaint láidir in éadan cailleach, síoga agus droch-dhaoine mar iad. Bhí an slat draíochta a d'úsáid na draoithe déanta de chraobh Chaorthainn. Tagann an focal béarla Rowan ón Sean Ioruach rune (ortha, draíocht) agus seans go bhfuil ceangal ag an téarma le rún.

Sa seanscéal, bhuail Fuamnach, bean Mhidir, a ghrá, Étaín le slat Caorthainn agus rinneadh linn uisce di. Ghal an t-uisce agus fágadh mar phéist í agus ansin thiontaigh sí ina féileacán mór gleoite.

Go minic san Fhómhar feictear saghas meirg buí ar na duilleoga go háirithe i gceantair mar seo ina bhfuil Aiteal *Juniperus communis* coitianta. Is cineál fungas *Gymnosporangium cornutum* le saolré chasta a mhaireann cuid den bhliain ar Chaorthann agus thar gheimhridh ar Aiteal.

Thig glóthach dhearg a dhéanamh as na caora, maraon le deocha deasa ar nós cheirtlis, licéar nó biotáille.

Ach meastar go bhfuil nimh sna síolta.

Tá sorbitol le fáil ó na caora fosta. Bíonn seo in úsáid i mbia in áit gnáth siúcra ag daoine le diabetes.

Le gairid fuarthas amach go bhfuil cáilíochtaí frithbheathach ag Caorthann.

—C. Mac Conn Tíre


## Goitse na nÓg



Páistí Scoil Phádraig, Dobhar, agus a múinteoir Sarah ag féasta ceiliúrtha An Chéad Comaoineach in Ionad Naomh Padraig ar na mallaibh

## Pusail

#1



Cá mhéad triantán atá anseo

#2

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4 | | | |
| 6 | 2 | | |
| 9 | ? | 1 | |
| 19 | 10 | 7 | 6 |

Cén uimhir a théann ar an bhosca atá marcáilte le '?'?

*Freagra puzal 1: 13 thriantáin:*
*Freagra puzal 2: 3 (suimigh an uimhir os cionn agus ar thaobh na láimhe deise den bhosca. 2+1= 3*



An garradh pailéid a bhain an dara háit i gcomórtas *Garden Show Ireland* i gCo. Aontroma, togra trasphobail idir Ionad Naomh Pádraig, Scoil Phádraig Dobhar, National Learning Network, Solas, Brainse Dhobhair de Chumann Cathaoir Roth na hÉireann, Club Óige Dhobhair.




Páistí Scoil Phádraig Dobhar ag ócáid bronnta na nduaiseanna i gcomórtas *Garden Show Ireland* i gCo. Aontroma.

**Gné-alt fógraíochta**

# *Comhdháil ar fhorbairt Shlí Cholmcille*

Reáchtálfar Comhdáil trí lá ar fhorbairt Shlí Cholmcille in ionaid in Gort an Choirce agus ar Thoraigh an mhí seo chugainn. Is é Rí Thoraí Patsy Dan Mac Ruairí a sheolas an comhdháil a reáchtálfar ar an 20-22 Meitheamh. Tá sé atá eagraithe le tacaíocht ó Urras Leabhraichean nan Eilean i gcomhar le Colmcille.org, Bord Gàidhlig agus Foras na Gaeilge. Dírreoidh an comhdháil ar na téamaí dúchas, pobal aus turásoireacht.

Insíonn Slí Cholmcille scéal Cholmcille, agus na naomh eile luath-Chríostaí a bhí ag imeacht idir Éire agus Albain sa mheánaois. Tá sí ina bealach oidhreachta agus turasóireachta an lá atá inniu ann.

Nascann an tSlí an Ghaeilge agus an Ghàidhlig, Éire agus Albain agus a gcuid daoine.

Mar a bhí an tsean-oilithreacht ina hócáid le eolas a chur ar an tsaol agus ar dhaoine agus pobail úra, tugann Slí Cholmcille deis eolas a chur ar áiteanna agus ar phobail úra, agus, do dhaoine áirithe eolas, úr a chur ar a gceantar féin.

Tugann an chomhdháil daoine le chéile as Éirinn agus Albain agus amharcfaidh sé ar fhorbairt Shlí Cholmcille.

D'eagraigh an tUrras comhdháil faoi Shlí Cholmcille i Leòdhas i Meitheamh 2013. "Tá taithí mhór againn ar bheith ag eagrú imeachtaí rathúla idirnáisiúnta a thugann cainteoirí acadúla agus saineolaithe agus pobail áitiúla i gceann a chéile." (Urras Leabhraichean Nan Eilean )

Tá cuireadh ar scoth na gcainteoirí le ceann a chur ar an diospóireacht.

- **Liam Ó Cuinneagáin** ar dheiseanna turasóireachta
- **Brian Lacey** – Dhá chaint: *Colm Cille – An Miotas agus an Fhírinne* agus ar an tSathairn, *Intreoir do sheandálaíocht a bhaineann le Colm Cille & naoimh eile i seanpharóiste Thulacha Beigile* agus turas gairid bus mar pháirt de.



An Chros Tau ar Oileán Thoraí

- **Aidan O'Hara** – An ceangal stairúil idir Dhún na nGall agus Alba
- **Máire Herbert** – caint ar bheatha Cholmcille
- **Mícheál Ó Dónaill** - gnéithe de sheanchas Cholm Cille
- **Tristan AP Rheinalt** - Dúchas agus pobal in Inse Gall in Eileanan Siar na hAlban
- **Noel Ó Gallachóir** - Slí Cholmcille, an Ooidhreacht, agus mar a bhaineann siad le pobal Ghaoth Dobhair agus Chloch Cheann Fhaola

Beidh seisiún agus céilí gach oíche chomh maith le Turas Stairiúil go Oileán Thoraigh ar an Aoine.

Is féidir don té ar mian leis béilte agus lóistín a shocrú ag praghas uile-chuimsitheach, nó is féidir le daoine teacht agus íoc as seisiún ar leith.

Tá pacáistí eitilt agus carr ar cíos le Aerfort Dhún na nGall chomh maith

€10 le freastal ar na seisiúin chainte uilig. Eolas uilig ar mng.ie. Cuir in airithe le Moira@mng.ie nó 083 123 0529



# Focla Mhicí

Bíonn Micí Whiting Mac Aoidh ina aoi ar an chlár Rónán Beo@3 ar Raidió na Gaeltachta gach Mháirt. Tá *Goitse* buíoch do Mhicí, do Rónán agus d'fhoireann Raidió na Gaeltachta as cead na focla seo a chur i gcló.

**Miodal – iall – súiste:** Uirlis a bhí sa tsúiste faoi choinne a bheith ag buaileadh cocháin. Bhí dhá pháirt sa tsúiste: bhí lamhráinn ann, an pháirt a bhí in do lámh agat, píosa adhmaid fada, déanta cosúil le cos spáid, thart ar dhá throigh ar fad … bhí an pháirt an buailtín, sin fá choinne an ghráin a bhuaileadh, rud beag níos giorra ná an lamhrainn. Slata de chuid na coille a bhí sa bhuailtín. Gnáth adhmad a bhí sa lamhrainn. Leis an bheirt a choinneáil le chéile, an bhuailtin agus lamhrainn, istigh eatarthu, bhí rópa beag, bhí poll fríd an lamhrainn, agus ansin chuirfeá ropa thart ar sé n-orlaigh, isteach sa pholl a bhí sa lamhrainn, isteach dúbailte, cheanglófá sin thíos ar an bhuailtín. Bhí sé ag coinneáil an lamhrainn agus an bhuailtín le chéile. Miodal a bhí ar an rópa sin … nó iall fosta. Rópa gairid idir dhá pháirt den tsúiste. Chaithfeá dhá shopóg síos, bhainfeá an strap díthe, ansin chaithfeá iad a bhuaileadh. Ag déanamh gráin choirce … fá choinne a chur i dtús an tsamhraidh arís. Chuirfeá na síolta isteach í mála tráthnóna.

**Ruifíneach:** duine a bhfuil droch-chroí aige. Ruifín a bhéarfá ar an duine é féin.

**Camógaí:** Dá mbeifeá ag tógáil cliabh mónadh, tá na camógaí, poill bheaga ceithre orlaigh ar fad, orlach nó dhá orlach ar doimhne, áit fágtha sa chliabh leis na méara a chur isteach ann leis an chliabh a thógáil.

**Aithis:** Fá choinne an chliabh a choinneáil ar do dhroim. Bhí greim agat le do dhá lámh ar an aithis. Cosúil le rópa, agus choinneofá greim láidir air … ar aghaidh a chléibh … caithfidh aithis a bheith istigh sa chliabh … le é a thógáil ar do dhroim.… Nuair a bheifeá ag tógáil an chléibh … i mbéal an chléibh.

**Trealltaí:** Buailfidh trealltaí corrdhuine. Cosúil le '*fit*'. Mar shampla, dá mbeadh lá fearthainne, gheobhfá an duine seo thuas ar an phortach ag baint mónadh. Níonn sé rud amach as an ghnáth-rud. Buailfidh trealltaí iontach é.

SÚIL SIAR



# I mbun iascaireachta sa bhliain 1889

Seo dhá phictiúr tharraing cuairteoir chun na háite seo i mí na Bealtaine 1889. Níl muid cinnte cérbh é an cuairteoir féin ach is léir go raibh súil mhaith aige agus an dá phictiúr seo á tarraingt aige.

Léiríonn an chéad phictiúr buíon bheag d'iascairí an cheantair ag tarraingt a gcuid eangach isteach ón fharraige. Níl muid cinnte cá háit go díreach a raibh siad i mbun na hoibre seo ach is cosúil ón tírdhreach go raibh siad i ngar don Bhun Bheag. '*Hauling the seine*' an teideal a bheir an cuairteoir ar an phictiúr seo .i. is i mbun saighneoireachta a bhí na hiascairí. Is eangach ar leith atá sa tsaighean — bíonn sé ar crochadh go hingearach san uisce áit a gcoinníonn meáchain a bun síos san uisce agus bíonn a barr ar snámh ar uachtar an uisce le baoite eangaí. Tá na baoite le feiceáil go soiléir sa phictiúr seo.

Sa dara pictiúr feiceann muid toradh a gcuid oibre. Tá seisear fear le feiceáil anseo ach faraor níl a fhios againn cé hiad. An mbeadh barúil ar bith ag aon duine dár gcuid léitheoirí cé hiad na fir seo nó an mbeadh a fhios agaibh cá háit a tarraingíodh na pictiúir féin? Má tá eolas ar bith agaibh maidir leis na grianghraif seo, seol ríomhphost chuig goitsenuacht@gmail.com



# Peil na Gaeltachta

Ar lean ar lch 15

**Naomh Columba v Laochra Loch Lao:** Seo cluiche a bhfuil go leor daoine ag fanacht leis. Bhí fir Bhéal Feirste agus an ceantar máguaird le Gaeil Fhánada a imirt sa chluiche seo ach ar an drochuair ní féidir le fir Fhánada a bheith i láthair i mbliana. Mar sin, ina seasamh idir Laochra Loch Lao agus a n-áit i gcluichí leathcheannais an chomórtais ar an Domhnach, tá seaimpíní sóisear Thír Chonaill, Naomh Columba. Seo foireann as Béal Feirste a cuireadh le chéile le cinntiú go mbeadh an Ghaeilge ag gabháil ó neart go neart sa chathair, rud atá. Téann Laochra Loch Lao chuig Comórtas Peile na Gaeltachta gach bliain agus is cinnte gur sampla ar dóigh iad agus go gcuireann siad go mór leis an chomórtas. Bíonn siad mar shampla maith ag cuid againn agus iad bródúil as a gcultúr agus as a dteanga. Tá neart imreoirí maithe ina measc chomh maith agus is cuimhin linn an cluiche sin ar na croisbhealaí nuair fuair Naomh Muire an bua orthu i gcluiche ceannais sóisear peile na Gaeltachta. Hobair go bhfuair siad an bua an lá sin agus is cinnte gur lá stairiúil a bheadh ann do Ghaeil oirthear Chúige Uladh dá n-éireodh leo Comórtas Peile na Gaeltachta a bhaint.

Ach ní bheidh a dhath furasta acu in éadan fhir Ghleann Cholm Cille. Tá foireann láidir go maith ag Naomh Columba agus imreoirí óga ag teacht aníos fríd na foirne faoi aois acu, ach cosúil le gach foireann iargúlta in Éirinn, tá siad buailte go mór ag an imirce. Rachaidh foireann an Ghleanna go Maigh Cuilinn lán le brí agus le misneach agus tá deis mhaith acu, ach beidh na Laochra ag iarraidh a mbealach a dhéanamh go cluiche ceannais an Luain agus tá siad ag ullmhú leo go ciúin don chomórtas. Cluiche dian eile a bheas ann.

**Foirne na mBan**

Bhí foireann peile na mBan, an Tearmann, iontach láidir mar fhoireann síos fríd na blianta agus is deas an rud anois go bhfuil foirne eile sa chontae ag teacht ar aghaidh. Beidh trí fhoireann ag mná chúige Uladh i mbliana sa chomórtas. **An Tearmann** sa chomórtas Sinsear, **Gaoth Dobhair** sa chomórtas idirmheánach agus **Laochra Loch Lao** sa chomórtas sóisear. Tá seans maith ag na foirne seo uilig ina rannógaí difriúla ach cuirfidh scrúduithe na hArdteistiméireachta isteach go mór ar mhná Ghaoth Dobhair, mar go bhfuil scaifte maith den fhoireann sin le scrúduithe na hArdteistiméireachta a dhéanamh i mbliana agus b'fhéidir nach mbeadh siad leo. Ní bheadh aon duine ina dhiaidh sin orthu. Taithí ar dóigh a bheas ann d'fhoireann peile Ghaoth Dobhair, go háirithe agus iad ag imirt sa rannóg idirmheánach i mbliana.



Rosie Nic Gairbheith, ionadaí Thír Chonaill i gcomórtas an Chailín Ghaelaigh.
Grianghraf: Bríd Nic Suibhne

**Craic an Chomórtais**

Beidh craic, cuideachta agus comhluadar go tréan i Maigh Cuilinn na Gaillimhe i mbliana. Beidh banna ceoil Blunderbrau i measc na siamsaíochta i mbliana agus cuirfidh siad go mór leis an chraic ag an chomórtas. Is deireadh seachtaine mór Gaelach atá ann agus gura fada buan a mhairfidh an traidisiúin Ghaelach sin.

Beidh Rosie Nic Gairbheith i gcomórtas an chailín ghaelaigh agus í mar ionadaí ag Fo-chumann peile Naomh Muire i mbliana. Roghnaíodh Rosie mar bhuaiteoir ar chomórtas an Chailín Ghaelaigh i dTír Chonaill i mbliana.

**Clúdach na meán**

Beidh clúdach cuimsitheach mar is gnáth ag RTÉ Raidió na Gaeltachta agus TG4 ar an chomórtas agus muna dtig libh a bheith i láthair, coinnigí cluas leis an raidió agus súil leis an teilifís agus beidh sibh i lár na cuideachta ar fad. Chomh maith leis sin, beidh na meáin shóisialta gnóthach agus beidh na scóranna agus na torthaí ar fáil ar Twitter @comortaspeile agus ar shuíomh an chomórtais www.maighcuilinn.com.

## SÚIL SIAR



# Paidir Mhuintir Inis Bó Finne

A Chroí Ró-Naofa Íosa, molaimid Thú,
Le láidreacht ár n-intinne 's le haoibhneas ár gcroí:
Go moch ag ár n-obair 's go mall ag ár só,
A Chroí dhílis mhilis, ná scar linn go deo.

Nuair a bhíos muid ar siúl ar an tsáile anonn
Ag cosnú ár mbeatha ar bharraibh na dtonn,
Bí againn i gcónaí a' tabhairt dúinn uchtach láidir
'S ag cur rath ar ár n-obair, mar rinne tú le Peadar.

Inár n-aistir go minic go beannaibh an Chorráin
Is ó sin amach siar go hoileán fiáin Thóraigh
As gach contúirt go bhfaighe muid amach go tír mór –
A Chroí Naofa Íosa, tar chugainn le cabhair.

Ar ár dteaghlaigh 's ár dtithe cuir séan agus sonas
Agus réitigh dúinn fhéin as gach buaireamh is pionós
Is isteach I do ríocht, a Dhia mhór na cruinne,
Tabhair sean agus óg in Inis Bó Finne.



# Comórtas Peile na Gaeltachta



Imreoirí Chill Chartha Marc agus Rian Mac Aoidh ag imirt i gcluiche ceannais Thír Chonaill ar na Méilte.

Damien Ó Dónaill

Tá craobh peile na hÉireann ar obair, tá an aimsir ag éirí níos fearr, tá cuma mhaith ag teacht ar pháirceanna peile na tíre agus tá foirne peile ó cheann ceann na tíre ag ullmhú don samhradh agus don tséasúr peile atá amach rompu. Ach ar an Aoine seo caite bhí Dara Ó Cinnéide, laoch peile na Ríochta agus na Gaeltachta i láthair i Maigh Cuilinn i gCo na Gaillimhe le Comórtas Peile na Gaeltachta 2014 a sheoladh go hoifigiúil. Bhí scaifte mór i láthair agus iad uilig ag súil go mór le ceann de mhór imeachtaí an CLG. Dúirt Dara ar an tráthnóna sin go raibh 'Ní neart go cur le chéile' scríofa ar gheansaithe peile na Gaeltachta agus thíos faoi go raibh spiorad, croí, caid agus teanga. Sin an rud is tábhachtaí fán deireadh seachtaine seo. Ceiliúradh atá ann ar an chultúr Gaelach, na cluichí, an spiorad agus go háirithe an teanga. Tig foirne Gaeltachta na hÉireann le chéile le deireadh seachtaine den scoth a chur ar fáil dúinn uilig. Ach ní bhíonn a dhath cairdiúil fán deireadh seachtaine ar pháirc na himeartha agus is é sin mar a bheas rudaí arís i mbliana.

Nuair a bhí mé ag scríobh an phíosa seo, bhí sé cinntithe dom go raibh seacht bhfoireann, idir fhir agus mhná, as Gaeltachta chúige Uladh ag tabhairt aghaidh ar Mhaigh Cuilinn. Sin iad seaimpíní sinsearach na bliana anuraidh Gaoth Dobhair, Cill Chartha (Sinsear), Naomh Columba (Sóisear), Laochra Loch Lao (Sóisear), An Tearmann (Sinsear na mban), Gaoth Dobhair (idirmheánach na mban), agus Laochra Loch Lao (Sóisear na mban).

### Na Cluichí

*An Satharn*

**Sinsear na bhfear**
Gaoth Dobhair v Mícheál Breathnach 10.30 r.n

**Sóisear na bhfear**
Laochra Loch Lao v Naomh Columba 12.15 i.n

**Sóisear na mban**
Laochra Loch Lao v Na Piarsaigh 12.30 i.n

**Idirmheánach na mban**
Naomh Anna v Gaoth Dobhair 1.45 i.n

**Sinsear na bhfear**
Cill Chartha v Cill na Martra 2.30 i.n

**Sinsear na mban**
Baile Chlár na Gaillimhe v An Tearmann 4.30 i.n

**Sinsear na bhfear**
Cill tSéana v M.Breathnach/Gaoth Dobhair 7.30 i.n

*Tá liosta iomlán na gcluichí le fáil ag www.maighcuilinn.com*

## Foirne na bhFear

**CLG Ghaoth Dobhair:** D'fhéadfá a rá gurb iad Gaoth Dobhair ríthe chomórtas peile na Gaeltachta mar go bhfuil slad déanta acu síos fríd na blianta agus an comórtas buaite acu níos mó uaireanta ná foireann ar bith eile. Má tá Gaoth Dobhair leis an chomórtas a bhaint arís i mbliana, beidh tréan oibre le déanamh acu leis an sprioc sin a bhaint amach. Sula mbainfidh siad ceann scríbe amach ar an Luan, beidh orthu ceithre chluiche a bhaint. Tá cluiche crua ag gabháil a bheith acu maidin Dé Sathairn ag 10.30 nuair a imreoidh siad buaiteoirí comórtas peile na Gaillimhe, Mícheál Breathnach. Beidh cluiche dian anseo a chuir-fidh tús bríomhar leis an Satharn agus bhéarfaidh an cluiche seo ar na sluaite éirigh as na sráideoga i ndiaidh oíche mhór shiamsaíochta san ollphuball! Beidh Gaoth Dobhair ag súil le himreoirí an chontae, sinsear agus mionúr a bheith leo siar go Maigh Cuilinn. Tá triúr ar fhoireann Shéamuis Mhic Aonghusa agus seisear ar fhoireann mhionúr Dheáglan Uí Chnáimhsí. Má tá na fir sin le Gaoth Dobhair ar an deireadh seachtaine, beidh deis iontach acu ach muna mbeidh, beidh athrú scéil ann.

**CLG Chill Chartha:** Bhain Cill Chartha cluiche ceannais peile Ghaeltacht Thír Chonaill ar na méilte ar na mallaibh, nuair a fuair siad lámh in uachtar ar fhoireann Ghleann tSúilí. Cé go raibh Mícheál Ó Murchú agus Niall 'Mór' Ó Gallchóir ar an pháirc ag Gleann tSúilí, bhí Cill Chartha róghasta agus ró-aclaí acu sa deireadh. Sin an sórt peile a imríonn Cill Chartha, imríonn siad ón chúl báire ag cur na liathróide ó lámh go lámh agus má fheiceann siad Pádraig Mac Bréartaigh saor, ligfidh siad an liathróid isteach chuige. Tá foireann óg, aclaí ag Cill Chartha agus imreoirí a bhfuil treán peile iontu agus atá cliste i seilbh na liathróide chomh maith.

Tá Clann Mhic Aoidh, Marc, Eoin agus Riain acu agus beirt eile, Pádraig Mac Bréartaigh agus Mícheal Ó hÉigeartaigh ansin agus taithí na mblianta aige ar pháirc na himeartha. Imreoidh Cill Chartha foireann Chill na Martra sa chéad chluiche a bheas acu tráthnóna Dé Sathairn.

Tá deis iontach ag Cill Chartha i mbliana agus tá an seans ann go dtiocfadh le Cill Chartha agus Gaoth Dobhair a bheith sa chluiche ceannais ar an Luan mar nach mbuailfidh an dá fhoireann ar a chéile go dtí sin de réir na socruithe atá déanta. Ag Dia atá a fhios caidé mar a rachadh an cluiche sin, da dtarlódh sé. Dhá fhoireann as Tír Chonaill ag gabháil in adharca le chéile ar fhód na Gaillimhe.

Ar lean ar lch 15



Tá foireann Naomh Columba ann a bhain Comórtas ceannais Shóisear Thír Chonaill i mbliana.